

1. Cad a rinne tú an tseachtain seo? What did you do this week?
Bhí mé ag ... *I was at ...*
Chuaigh mé go (dtí an) ... *I went to (the) ...*
Chonaic mé ... *I saw ...*
D'ith mé ... *I ate ...*

2. An raibh tú ar oileán riabh? Where you ever on an Island?

3. An raibh tú i do chónaí in áit iargulta Did you ever live in a remote place?
riamh?

4. An ndearna tú aon rud duit féin Did you ever make something for yourself
seachas é a cheanach (mar shampla, instead of buying it (for example, food,
bia, éadaí, troscán, srl.)? clothes, furniture, etc.)?

Aillte – Sliabh Liag (TG4)

Cliffs – Slieve League (TG4)

- | | |
|------------------------------------------------------------------------------------------|--------------------------------------------------------------------------------------|
| 1. Oileán Uaigh. Caoga ciliméadar ó thuaidh ó mo bhaile féin. | Owey Island. Fifty kilometers north of my home. |
| 2. A bhí mar pháirc spaisteoireachta eile i m'óige. | Another of my childhood adventure grounds. |
| 3. Chónaigh mo shinsir anseo leis na <i>glúnta</i> (glúine). | My ancestors have lived here for generations. |
| 4. Ach inniu, ní bhíonn cónaí ar bith anseo thar an geimhreadh. | But today, there is no one living here over the winter. |
| 5. Ach chuig mo chluasa, tagann macallaí as a saolta agus a saothar chugam ar an ngaoth. | But to my ears, come the echoes of their lives and their labor to me on the wind. |
| 6. Ba iad deartháireacha mo mháthar mhór na daoine deireanacha a d'fhág. | It was my grandmother's brothers who were the last people to leave. |
| 7. Dóibhsean, ní ionad faire iargúlta a bhí san áit seo. | For them, this place wasn't a remote outpost. |
| 8. <i>Éirinn</i> (Éire) a thug siad ar an tír mór. | Ireland is what they called the mainland. |
| 9. Chuala na ballaí seo neart gáire. | These walls heard a lot of laughter. |
| 10. Mhóthaigh siad teas na dtinte sa gheimhreadh, scríobadh na mbróg ar an táirseach. | They felt the heat of the fires in winter, the scrape of the shoes on the threshold. |
| 11. Agus chuala siad caoin i ndiaidh tragóid bhádóireachta. | And they heard weeping after boating tragedies. |
| 12. Inniu, níl le cluinstin (cloisteáil) ach glaoch na naoscach ar an ghaoth. | Today, the only thing to hear is the call of the snipe on the wind. |
| 13. Seo na páistí ar scoil in Oileán Uaigh sa mbliain 1914 (naoi déag ceathair déag). | These are the children at school on Owey Island in the year 1914. |
| 14. An buachaill beag seo uncail m'athar, Paddy. | This little boy, my father's uncle, Paddy. |
| 15. Seo currach as Uaigh. | This is a <i>currach</i> from Owey. |

16. Sin mise. Agus feiceann tú na potaí gliomach agus potaí anseo fo choinne piardóg. That's me. And you see the lobster pots and pots here for crawfish.
17. Uaireanta bím mé ag *smaointiú* (smaoineamh) ar amhairc siad amach ar an bhun-spéire céanna ag *brionglóidí* (brionglóideach) ar shaol eile. Sometimes I wonder, did they look out at the same horizon, dreaming of another life?
18. Nó ar sheas siad anseo san aer shailte ag déanamh orthu, go raibh *achan rud* (gach aon rud) a bhí de dhíth ar dhuine ar bith acu. Or did they stand here in the salt air as though they had anything that any of them needed?
19. Is cuimhin liom, nuair a bhí mé i mo chónaí i *nDeisceart Mheiriceá*, gur cuireadh ceist orm an raibh bundúchasaigh i mo thír féin. I remember, when I was living in South America, that I was asked if there were indigenous people in my own country.
20. Dúirt mé nach raibh. Ach anois, creidim gur cosúil le bundúchasaigh na hoileánaigh. I said there weren't. But now I believe that the islanders were similar to indigenous people.
21. Iad uasail, bródúil agus oillte. Agus ba bheag lorg a d'fhág siad ar an nádúr. Noble, proud, cultured. And they left little trace on nature.
22. B'fhéidir go bhfuil mo dhearcadh rómánsúil. Perhaps my view is romantic.
23. Ach go ró-mhinic, titeann an scéal ró-fhada an bealach eile. But too often, the story goes too far the other way.
24. Ag péinteáil an tréimhse sin ionas go raibh na daoine sannaithe anseo, faoi ghlas ag an Atlantach ag fanacht le tarrtháil ón mhóirthír. Painting this period as if people were stuck here, locked in by the Atlantic, waiting for rescue from the mainland.
25. Ach, tá an fhírinne áit ag teacht i lár báire, faoi mar a insíonn comharsa mo sheanathair domh. But the truth comes somewhere in the middle, as my grandfather's neighbors tell me.

Ceisteanna

Questions

- | | |
|------------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------------|
| 1. Cá bhfuil Oileán Uaigh? | Where is Owey Island? |
| 2. Cé chomh fada is atá shinsir an láithreora ina gcónaí ann? | How long have the presenter's ancestors lived there? |
| 3. Cérbh iad na daoine deireanacha a d'fhág an oileán? | Who were the last people to leave the island? |
| 4. Cad a thug na hoileánaigh ar an tír mór? | What did the islanders call the mainland? |
| 5. Cad a chuala na ballaí? | What did the walls hear? |
| 6. Cad a mhothaigh na ballaí? | What did the walls feel? |
| 7. Cén saghas báid a bhí sa chlár? | What kind of boat was in the program? |
| 8. Cad chuige na potaí? | What were the pots for? |
| 9. Cérbh iad na bundúchasaigh ar Oileán Uaigh, dar leis an láithreoir? | Who were the indigenous people on Owey Island, according to the presenter? |
| 10. An raibh na daoine sannaithe ar an oileán? | Were the people stuck on the island? |